(Coinbhinsiúin arna síniú idir Ballstáit)

COINBHINSIÚN

ag socrú an Stáit is freagrach as iarratas ar thearmann a thaisctear i mBallstát de chuid na gComhphobal Eorpach a scrúdú

A SHOILSE RÍ NA mBEILGEACH,

A SOILSE BANRÍON NA DANMHAIRGE,

UACHTARÁN PHOBLACHT CHÓNAIDHME NA GEARMÁINE,

UACHTARÁN NA ÞOBLACHTA HEILLÉANAÍ,

A SHOILSE RÍ NA SPÁINNE,

UACHTARÁN PHOBLACHT NA FRAINCE,

UACHTARÁN NA hÉIREANN,

UACHTARÁN PHOBLACHT NA hIODÁILE,

A MHÓRGACHT RÍOGA ARD-DIÚC LUCSAMBURG,

A SOILSE BANRÍON NA hÍSILTÍRE,

UACHTARÁN PHOBLACHT NA PORTAINGÉILE,

A SOILSE BANRÍON RÍOCHT AONTAITHE NA BREATAINE MÓIRE AGUS THUAISCEART ÉIREANN,

AG FÉACHAINT don chuspóir a shocraigh Comhairle Eorpach Strasbourg ar an 8 agus 9 Nollaig 1989 maidir lena mbeartais tearmainn a chomhchuibhiú;

AR A BHEITH BEARTAITHE ACU, le dilseacht dá gcomhthraidisiún daonnúil, cosaint iomchuí a ráthú do dhídeanaithe, i gcomhréir le forálacha Chonbhinsiún na Ginéive an 28 Iúil 1951, arna leasú le Prótacal Nua-Eabhrac an 31 Eanáir 1967 maidir le Stádas Dídeanaithe, dá ngairtear 'Coinbhinsiún na Ginéive' agus 'Prótacal Nua-Eabhrac' faoi seach anseo feasta;

AG FÉACHAINT dá gcomhchuspóir maidir le spás gan teorainneacha inmheánacha a chruthú a ndéanfar saorghluaiseacht daoine a ráthú ann de réir fhorálacha an Chonartha ag bunú Chomhphobal Eacnamaíochta na hEorpa arna leasú ag an Ionstraim Eorpach Aonair;

ÓS FEASACH DÓIBH gur gá bearta a ghlacadh chun nach dtiocfaidh de ghnóthú an chuspóra sin cor ina bhfágfar iarratasóir go rófhada éideimhneach i dtaobh an chinnidh is dócha a ghlacfar ar a iarratas agus ós é a miangas a ráthú do gach iarratasóir ar thearmann go ndéanfaidh ceann de na Ballstáit a iarratas a scrúdú agus a sheachaint go seolfar iarratasóir ar thearmann ó Bhallstát amháin go Ballstát eile gan ceann ar bith díobh a aithint go bhfuil sé inniúil ar an iarratas ar thearmann a scrúdú;

ÓS É A MIANGAS leanúint den agallamh a tionscnaíodh le hArdchoimisinéir na Náisiún Aontaithe um Dhídeanaithe d'fhonn na cuspóirí thuasluaite a ghnóthú;

AR A BHEITH BEARTAITHE ACU dlúthchomhar trí mheáin éagsúla, ar a n-áiritear malartuithe faisnéise, a chur i ngníomh chun an Coinbhinsiún seo a chur chun feidhme;

TAR ÉIS A CHINNEADH AN COINBHINSIÚN SEO A CHUR I gCRÍCH AGUS TAR ÉIS NA DAOINE SEO A LEANAS A AINMNIÚ CHUN NA CRÍCHE SIN MAR LÁNCHUMACHTAIGH:

THAR CEANN A SHOILSE RÍ NA mBEILGEACH:

Melchior WATHELET

Leas-Phriomhaire agus Aire Dlí agus Cirt, Gnóthas beag agus meánmhéide agus Féinfhostaithe

THAR CEANN A SOILSE BANRÍON NA DANMHAIRGE:

Hans ENGELL

Aire Dlí agus Cirt

THAR CEANN UACHTARÁN PHOBLACHT CHÓNAIDHME NA GEARMÁINE:

Dr Helmut RÜCKRIEGEL

Ambasadóir Phoblacht Chónaidhme na Gearmáine i mBaile Átha Cliath

Wolfgang SCHÄUBLE

Aire Intire na Cónaidhme

THAR CEANN UACHTARÁN NA POBLACHTA HEILLÉANAÍ:

Ioannis VASSILIADES

Aire Oird Phoiblí

THAR CEANN A SHOILSE RÍ NA SPÁINNE:

José Luis CORCUERA

Aire Intire

THAR CEANN PHOBLACHT NA FRAINCE:

Pierre JOXE

Aire Intíre

THAR CEANN NA hÉIREANN,

Rádhulf de BÚRCA

Aire Dlí agus Cirt agus Aire Cumarsáidí

THAR CEANN PHOBLACHT NA hIODÁILE:

Antonio GAVA

Aire Intíre

THAR CEANN ARD-DIÚCACHT LUCSAMBURG:

Marc FISCHBACH

Aire Oideachais, Aire Dlí agus Cirt, Aire na Státseirbhíse

THAR CEANN RÍOCHT NA hÍSILTÍRE:

Ernst Maurits Henricus HIRSCH BALLIN

Aire Dlí agus Cirt

THAR CEANN UACHTARÁN PHOBLACHT NA PORTAINGÉILE:

Manuel PEREIRA

Aire Intíre

A SOILSE BANRÍON RÍOCHT AONTAITHE NA BREATAINE MÓIRE AGUS THUAISCEART ÉIREANN:

David WADDINGTON

Rúnaí Stáit don Roinn Baile

An Sior Nicholas Maxted FENN, KCMG

Ambasadóir Ríocht Aontaithe na Breataine Móire agus Thuaisceart Éireann i mBaile Átha Cliath

NOCH A RINNE, tar éis dóibh a Lánchumhachtaí, agus iad i bhfoirm cheart chuí, a thabhairt ar aird dá chéile,

COMHAONTÚ AR NA FORÁLACHA SEO A LEANAS:

Airteagal 1

1. Chun críocha an Choinbhinsiúin seo, ciallaíonn:

(a) *eachtrannach*: duine ar bith seachas náisiúnach Ballstáit;

(b) *iarratas ar thearmann*: iarratas trína n-iarrann eachtrannach ar Bhallstát cosaint Choinbhinsiún na Ginéive trí stádas dídeanaí a éileamh de réir bhrí Airteagal 1 de Choinbhinsiún na Ginéive, arna leasú le Prótacal Nua-Eabhrac;

(c) *iarratasóir ar thearmann*: eachtrannach a bhfuil iarratas ar thearmann taiscthe aige nach bhfuil cinneadh críochnaitheach glactha fós ina leith;

(d) *scrúdú iarratais ar thearmann*: na bearta uile maidir le scrúdú, cinntí nó breitheanna arna nglacadh ag na húdaráis inniúla i leith iarratais ar thearmann seachas na nósanna imeachta chun an Stát is freagrach as scrúdú an iarratais ar thearmann a shocrú de réir fhorálacha an Choinbhinsiúin seo;

(e) *cead cónaithe*: údarú ar bith arna eisiúint ag údaráis Bhallstáit ag údarú d'eachtrannach fanacht ina chríocha, seachas víosaí agus 'ceaduithe fanachta' arna n-eisiúint le linn d'iarratas ar chead cónaithe nó iarratas ar thearmann a bheith á scrúdú;

(f) *víosa iontrála*: údarú nó cinneadh ó Bhallstát á chumasú d'eachtrannach iontráil ar a chríocha, faoi réir chomhlíonadh na gcoinníollacha eile iontrála;

(g) *víosa idirthurais*: údarú nó cinneadh ó Bhallstát á chumasú d'eachtrannach idirthuras a dhéanamh trína chríocha nó i limistéar idirthurais calafoirt nó aerfoirt, faoi réir chomhlíonadh na gcoinníollacha eile idirthurais.

2. Déanfar cineál an víosa a mheas de réir na sainmhínithe a thugtar i mír 1 (f) agus (g).

Airteagal 2

Athdhearbhaíonn na Ballstáit a ndualgais de bhun Choinbhinsiún na Ginéive, arna leasú le Prótacal Nua-Eabhrac, gan aon srian geografach ar raon feidhme na n-ionstraimí sin, agus a ngealltanas go gcomhoibreoidh siad le seirbhisí Ardchoimisinéir na Náisiún Aontaithe um Dhíadeanaithe i bhfeidhmiú na n-ionstraimí sin.

Airteagal 3

1. Gabhann na Ballstáit orthu féin go scrúdóidh siad iarratas aon eachtrannaigh a thaisceann, ag an teorainn nó ina gcríocha, iarratas ar thearmann ar Stát ar bith díobh.

2. Déanfaidh Ballstát amháin an t-iarratas sin a scrúdú de réir na gcritéar a leagtar síos sa Choinbhinsiún seo. Beidh na critéir a luaitear in Airteagail 4 go 8 infheidhme san ord ina luaitear iad.

3. Déanfaidh an Ballstát sin an t-iarratas sin a scrúdú de réir a reachtaíochta náisiúnta agus a oibleagáidí idirnáisiúnta.

4. Beidh sé de cheart ag gach Ballstát iarratas ar thearmann a thaisceann eachtrannach leis a scrúdú fiú mura bhfuil sé freagrach as an scrúdú sin de réir na gcritéar a leagtar síos sa Choinbhinsiún seo, ar an gcoinníoll go dtoilíonn an t-iarratasóir leis sin.

Scaoilfear ansin an Ballstát is freagrach de réir na gcritéar thuasluaite óna oibleagáidí agus aistreofar iad chuig an mBallstát ar mian leis an t-iarratas ar thearmann a scrúdú. Déanfaidh an Ballstát deiridh sin an Ballstát is freagrach de réir na gcritéar sin a chur ar an eolas má cuireadh an t-iarratas faoina bhráid.

5. Coimeádfaidh gach Ballstát an ceart, de bhun a reachtaíochta náisiúnta, chun iarratasóir ar thearmann a chur chuig tríú Stát, i gcomhréir le Coinbhinsiún na Ginéive arna leasú le Prótacal Nua-Eabhrac.

6. Cuirfear tús leis an bpróis chun an Ballstát is freagrach, de bhun an Choinbhinsiúin seo, as scrúdú iarratais ar thearmann a shocrú a luaithe a thaisctear iarratas ar thearmann le Ballstát den chéad uair.

7. Ní foláir don Bhallstát lenar taisceadh an t-iarratas ar thearmann iarratasóir ar thearmann atá i mBallstát eile, agus a thaisc iarratas ar thearmann ann tar éis dó a iarratas a aistarraingt i rith na próise chun an Ballstát is freagrach a shocrú, a ghabháil ar ais de réir na gcoinníollacha dá bhforáiltear in Airteagal 13 d'fhonn an phróis chun an Ballstát is freagrach as scrúdú iarratais ar thearmann a chríochnú.

Scoirfidh an oibleagáid sin de bheith infheidhme má tá an t-iarratasóir ar thearmann tar éis críocha na mBallstát a fhágáil idir an dá linn ar feadh tréimhse nach lú ná trí mhí nó tar éis cead cónaithe bailíoch do thréimhse is faide ná trí mhí a fháil ó Bhallstát.

Airteagal 4

Má tá ag iarratasóir ar thearmann ball dá theaghlach a bhfuil aitheantas faighte aige mar dhídeanaí de réir bhrí Choinbhinsiún na Ginéive, arna leasú le Prótacal Nua-Eabhrac, i mBallstát agus cónaí air go dleathach ann, beidh an Ballstát sin freagrach as an iarratas a scrúdú, ar an gcoinníoll gur mian sin leis na daoine lena mbaineann.

Is iad seo a leanas, agus iad seo amháin, na baill teaghlaigh lena mbaineann: céile an iarratasóra ar thearmann nó a leanbh neamhphósta mionaoiseach is lú ná 18 bliain d'aois, nó a athair nó a mháthair más leanbh neamhphósta mionaoiseach is lú ná 18 bliain d'aois an t-iarratasóir ar thearmann féin.

Airteagal 5

1. Má tá an t-iarratasóir ar thearmann i seilbh cead cónaithe bailíoch, beidh an Ballstát a d'eisigh an cead sin freagrach as an iarratas ar thearmann a scrúdú.

2. Má tá an t-iarratasóir ar thearmann i seilbh víosa bailíoch, beidh an Ballstát a d'eisigh an víosa sin freagrach as an iarratas ar thearmann a scrúdú, ach amháin sna cásanna seo a leanas:

(a) má eisíodh an víosa sin de bhun údarú i scríbhinn ó Bhallstát eile, beidh an Ballstát sin freagrach as an iarratas ar thearmann a scrúdú. Má théann Ballstát i gcomhairle roimhré, go háirithe ar chúiseanna slándala, le lárúdarás Ballstáit eile, ní húdarú i scríbhinn de réir bhrí na forála seo aontú an Bhallstáit sin;

(b) ma dhéanann iarratasóir ar thearmann atá i seilbh víosa idirthurais a iarratas a thaisceadh le Ballstát eile nach bhfuil sé faoi cheangal ag riachtanas víosa ann, beidh an Ballstát sin freagrach as an iarratas ar thearmann a scrúdú;

(c) má dhéanann an t-iarratasóir ar thearmann atá i seilbh víosa idirthurais a iarratas a thaisceadh leis an mBallstát a d'eisigh an víosa sin agus a bhfuil dearbhú i scríbhinn faighte aige ó údaráis taidhleoireachta nó chonsalacha an Bhallstáit chinn scríbe gur chomhlíon an t-eachtrannach a díolmhaíodh ó riachtanas víosa coinníollacha iontrála an Bhallstáit sin, beidh an Ballstát sin freagrach as an iarratas ar thearmann a scrúdú.

3. Má tá an t-iarratasóir ar thearmann i seilbh níos mó ná cead cónaithe nó víosa bailíoch amháin arna n-eisiúint ag Ballstáit éagsúla, beidh na Ballstáit freagrach as scrúdú an iarratais ar thearmann san ord seo a leanas:

(a) an Ballstát a d'eisigh an cead cónaithe a thugann an ceart don tréimhse chónaithe is faide nó, más ar comhfhad na tréimhsí cónaithe a cheadaítear, an Ballstát a d'eisigh an cead cónaithe is déanaí a rachaidh in éag;

(b) an Ballstát a d'eisigh an víosa is déanaí a rachaidh in éag más den chineál céanna na víosaí éagsúla;

(c) i gcás víosaí de chineálacha éagsúla, an Ballstát a d'eisigh an víosa a bhfuil an tréimhse bhailíochta is faide aige nó, más ar comhfhad na tréimhsí bailíochta, an Ballstát a d'eisigh an víosa is déanaí a rachaidh in éag. Ní bheidh an fhoráil sin infheidhme má tá an t-iarratasóir i seilbh víosa idirthurais amháin nó níos mó a eisíodh tar éis dó víosa iontrála do Bhallstát eile a thabhairt ar aird. Sa chás sin, is é an Ballstát sin a bheidh freagrach.

4. Mura bhfuil i seilbh iarratasóra ar thearmann ach cead nó ceadanna cónaithe a chuaigh in éag níos lú ná dhá bhliain roimhe sin, nó víosa nó víosaí a chuaigh in éag níos lú ná sé mhí roimhe sin, a chumasaigh dó iontráil go hiarbhír i gcríocha Ballstáit, beidh míreanna 1, 2 agus 3 den Airteagal seo infheidhme fad is nach bhfuil críocha na mBallstát fágtha ag an eachtrannach.

Má tá an t-iarratasóir ar thearmann i seilbh cead nó ceadanna cónaithe a chuaigh in éag níos mó ná dhá bhliain roimhe sin, nó víosa nó víosaí a chuaigh in éag níos mó ná sé mhí roimhe sin, a chumasaigh dó iontráil go hiarbhír i gcríocha Ballstáit agus murar fhág an t-eachtrannach críocha an Chomhphobail, is é an Ballstát inar taisceadh an t-iarratas a bheidh freagrach.

Airteagal 6

Nuair is feidir a chruthú gur thrasnaigh iarratasóir ar thearmann teorainn Bhallstáit go mídhleathach de thír, de mhuir nó d'aer ó Stát nach Ballstát de na Comhphobail Eorpacha, beidh an Ballstát sin freagrach as scrúdú an iarratais ar thearmann.

Ar a shon sin, scoirfidh an Ballstát sin de bheith freagrach má chruthaítear gur chónaigh an t-iarratasóir ar thearmann sa Bhallstát inar thaisc sé a iarratas ar thearmann ar feadh sé mhí ar a laghad sular thaisc sé é. Sa chás sin, is é an Ballstát deiridh sin is freagrach as scrúdú an iarratais ar thearmann.

Airteagal 7

1. Is é an Ballstát atá freagrach as rialú iontráil an eachtrannaigh i gcríocha na mBallstát a bheidh freagrach as scrúdú iarratais ar thearmann, ach amháin má dhéanann an t-eachtrannach, tar éis iontráil go dleathach i mBallstát ina dtarscaoiltear ina leith an oibleagáid go mbeadh víosa aige, a iarratas ar thearmann a thaisceadh i mBallstát eile ina dtarscaoiltear ina leith freisin an oibleagáid go mbeadh víosa aige chun iontráil ina chríocha. Sa chás sin, is é an Ballstát deiridh sin an Ballstát is freagrach as scrúdú an iarratais ar thearmann.

2. Go dtí go dtiocfaidh comhaontú idir na Ballstáit maidir leis na socruithe um thrasnú na dteorainneacha seachtracha i bhfeidhm, ní mheasfar an Ballstát a údaraíonn idirthuras gan víosa trí limistéar idirthurais a chuid aerfort a bheith freagrach as rialú na hiontrála i leith lucht taistil nach bhfágann an limistéar idirthurais.

3. Nuair a thaiscfear iarratas ar thearmann le linn idirthurais in aerfort Ballstáit, beidh an Ballstát sin freagrach as an scrúdú.

Airteagal 8

Nuair nach féidir an Ballstát is freagrach as scrúdú an iarratais ar thearmann a cheapadh ar bhonn na gcritéar eile a leagtar síos sa Choinbhinsiún seo, beidh an chéad Bhallstát ina dtaiscfear an t-iarratas ar thearmann freagrach as é a scrúdú.

Airteagal 9

Féadfaidh Ballstát ar bith, fiú nuair nach bhfuil sé freagrach as de bhun na gcritéar atá leagtha síos sa Choinbhinsiún seo, iarratas ar thearmann a scrúdú ar chúiseanna daonnúla arna mbunú go háirithe ar fhorais teaghlaigh nó chultúrtha, ar iarratas ó Bhallstát eile agus más mian leis an iarratasóir ar thearmann sin.

Má ghéilleann an Ballstát a dtéitear ina mhuinín amhlaidh don iarratas sin, aistreofar an fhreagracht as scrúdú an iarratais chuige.

Airteagal 10

1. Ni foláir don Bhallstát is freagrach as scrúdú an iarratais ar thearmann de bhun na gcritéar atá leagtha síos sa Choinbhinsiún seo:

(a) iarratasóir a bhfuil iarratas ar thearmann taiscthe i mBallstát eile aige a ghabháil ar láimh faoi na coinníollacha dá bhforáiltear in Airteagal 11;

(b) scrúdú an iarratais ar thearmann a chríochnú;

(c) iarratasóir a bhfuil a iarratas á scrúdú agus atá go mídhleathach i mBallstát eile a ligean isteach arís nó a ghabháil ar ais faoi na coinníollacha dá bhforáiltear in Airteagal 13;

(d) iarratasóir a tharraing siar a iarratas le linn an scrúdaithe agus atá tar éis iarratas ar thearmann a thaisceadh i mBallstát eile a ghabháil ar ais faoi na coinníollacha dá bhforáiltear in Airteagal 13;

(e) eachtrannach a bhfuil a iarratas diúltaithe aige agus atá go mídhleathach i mBallstát eile a ghabháil ar ais faoi na coinníollacha dá bhforáiltear in Airteagal 13.

2. Má eisíonn Ballstát cead cónaithe is bailíoch ar feadh tréimhse is faide ná trí mhí d'iarratasóir ar thearmann, aistreofar chuige na hoibleagáidí dá bhforáiltear i mír 1 (a) go (e).

3. Scoirfidh na hoibleagáidí dá bhforáiltear i mír 1 (a) go (d) d'fheidhm a bheith acu má tá an t-eachtrannach lena mbaineann tar éis críocha na mBallstát a fhágáil ar feadh tréimhse nach lú ná trí mhí.

4. Scoirfidh na hoibleagáidí dá bhforailtear i mír 1 (d) agus (e) d'fheidhm a bheith acu má dhéanann an Ballstát is freagrach as an iarratas ar thearmann a scrúdú, tar éis don iarratas a bheith tarraingthe siar nó diúltaithe, na bearta is gá a ghlacadh agus a chur i ngníomh chun go bhfillfidh an t-eachtrannach ar a thír bhunaidh nó ar thír eile inar féidir leis iontráil go dleathach.

Airteagal 11

1. Má mheasann Ballstát a ndearnadh iarratas ar thearmann a thaisceadh ann go bhfuil Ballstát eile freagrach as scrúdú an iarratais sin, féadfaidh sé a iarraidh ar an mBallstát eile sin, a luaithe agus is féidir agus ar aon nós laistigh de shé mhí ó thaisceadh an iarratais ar thearmann, an t-iarratasóir a ghabháil ar láimh.

Mura ndéantar an t-iarratas ar ghabháil ar láimh laistigh den tréimhse sé mhí, is é an Ballstát inar taisceadh an t-iarratas ar thearmann is freagrach as an iarratas ar thearmann a scrúdú.

2. Beidh leis an iarratas ar ghabháil ar láimh sonraí a chuirfidh ar chumas údaráis an Bhallstáit eile freagracht an Bhallstáit sin a shuíomh ar bhonn na gcritéar atá leagtha síos sa Choinbhinsiún seo.

3. Déanfar an Ballstát is freagrach de bhun na gcritéar sin a shocrú ar bhonn na ndálaí a bhí ann nuair a rinne an t-iarratasóir ar thearmann a iarratas a thaisceadh le Ballstát den chéad uair.

4. Ní foláir don Bhallstát cinneadh a ghlacadh ar an iarratas ar ghabháil ar láimh laistigh de thréimhse trí mhí ón iarratas a fháil. Is ionann éagmais chinnidh ag deireadh na tréimhse sin agus géilleadh don iarratas.

5. Ní foláir an t-iarratasóir ar thearmann a aistriú ón mBallstát inar taisceadh an t-iarratas ar thearmann go dtí an Ballstát is freagrach tráth nach déanaí ná mí tar éis gur géilleadh don iarratas ar ghabháil ar láimh nó mí tar éis deireadh aon imeachtaí agóide a thionscnóidh an t-eachtrannach in aghaidh an chinnidh aistrithe má tá éifeacht fionraíochta ag na himeachtaí sin.

6. Féadfaidh bearta a ghlacfar de bhun Airteagal 18 mionsonraí na próise trína ngabhfar iarratasóiri ar láimh a shocrú.

Airteagal 12

Má thaisceann iarratasóir ar thearmann atá ar chríoch Ballstáit iarratas ar thearmann le húdaráis inniúla Bhallstáit eile, is den Bhallstát a bhfuil an t-iarratasóir ar a chríoch a dhlitear a shocrú cén Ballstát is freagrach as an iarratas ar thearmann a scrúdú. Déanfaidh an Ballstát inar taisceadh an t-iarratas an Ballstát sin a chur ar an eolas gan mhoill agus measfar, d'fhonn an Coinbhinsiún seo a chur chun feidhme, gurb é an Ballstát deiridh sin an Ballstát lenar taisceadh an t-iarratas ar thearmann.

Airteagal 13

1. Déanfar an t-iarratasóir ar thearmann a ghabháil ar ais sna cásanna dá bhforáiltear in Airteagail 3 (7) agus 10 mar seo a leanas:

(a) ní foláir sonraí a chuirfidh ar chumas an Stáit lena dtaiscfear an t-iarratas a shuíomh go bhfuil sé freagrach de réir Airteagail 3 (7) agus 10 a bheith san iarratas go ngabhfaí an t-iarratasóir ar ais;

(b) tabharfaidh an Ballstát a n-iarrtar air an t-iarratasóir a ghabháil ar ais freagra ar an iarratas laistigh d'ocht lá óna chur faoina bhráid. Má aithníonn sé go bhfuil sé freagrach, gabhfaidh sé an t-iarratasóir ar thearmann ar ais a luaithe is féidir agus tráth nach déanaí ná mí tar éis dó géilleadh don iarratas.

2. Féadfaidh bearta a ghlacfar de bhun Airteagal 18 mionsonraí na próise maidir leis an iarratasóir a ghabháil ar ais a shainiú amach anseo.

Airteagal 14

1. Beidh malartuithe frithpháirteacha ag na Ballstáit maidir le:

— bearta nó cleachtais reachtaíochta nó rialacháin náisiúnta is infheidhme i réimse an tearmainn,

— sonrai staitistiúla maidir lena dtagann gach mí d'iarratasóirí ar thearmann agus a gcionroinnt de réir náisiúntachta. Cuirfear an fhaisnéis seo ar aghaidh go ráithiúil trí Ardrúnaíocht Chomhairle na gComhphobal Eorpach a áiritheoidh go scaipfear chun Ballstáit agus Coimisiún na gComhphobal Eorpach agus Ardchoimisinéir na Náisiún Aontaithe um Dhídeanaithe í.

2. Féadfaidh na Ballstáit malartuithe frithpháirteacha a sheoladh maidir le:

— faisnéis ghinearálta ar nuachlaonta maidir le hiarratais ar thearmann,

— faisnéis ghinearálta ar an staid i dtíortha bunaidh na n-iarratasóirí ar thearmann nó sna tíortha óna dtagann siad.

3. Más mian leis an mBallstát a sholáthraíonn an fhaisnéis dá dtagraítear i mír 2 go gcoimeádfaí faoi rún í, géillfidh na Ballstáit eile don mhian sin.

Airteagal 15

1. Tabharfaidh gach Ballstát do Bhallstát eile a iarrann é gach faisnéis ar chásanna aonair is gá chun:

— an Ballstát is freagrach as scrúdú an iarratais ar thearmann a shocrú,

— an t-iarratas ar thearmann a scrúdú,

— aon oibleagáidi a thagann as an gCoinbhinsiún seo a chur i ngníomh.

2. Ní bheidh san fhaisnéis sin ach:

— sonraí pearsanta an iarratasóra agus, más iomchuí, baill dá theaghlach chlann (ainm iomlán — más iomchuí, a sheanainm — leasainmneacha nó ainmneacha cleite, an náisiúntacht atá agus a bhí aige, dáta agus áit breithe),

— cáipéisí aitheantais agus taistil (tagairtí, tréimhse bhailíochta, dáta eisiúna, údarás eisiúna, áit eisiúna, agus araile),

— aon fhaisnéis eile is gá chun aithne an iarratasóra a bhunú,

— áiteanna cónaithe agus bealaí taistil,

— ceadanna cónaithe nó víosaí arna n-eisiúint ag Ballstát,

— an áit inar taisceadh an t-iarratas,

— an dáta ar ar taisceadh aon iarratas roimhe sin ar thearmann, an dáta ar ar taisceadh an t-iarratas láithreach, an chéim atá sroichte sna himeachtaí agus aon chinneadh atá glactha.

3. Ina theannta sin, féadfaidh Ballstát ar bith a iarraidh ar Bhallstát eile na forais ar a mbunaíonn iarratasóir ar thearmann a chás agus, más iomchuí, forais aon chinnidh a glacadh i leith an iarratasóra. Cinnfindh an Ballstát ar a n-iarrtar an fhaisnéis cé acu an dtabharfaidh nó nach dtabharfaidh sé í. Cibé ar bith é, ní thabharfar an fhaisnéis sin ach le toiliú an iarratasóra ar thearmann.

4. Déanfar an malartú faisnéise sin ar iarratas ó Bhallstát agus idir na húdaráis sin amháin a mbeidh a n-ainmniú curtha i bhfios ag gach Ballstát don Choiste dá bhforáiltear in Airteagal 18.

5. Ní fhéadfar an fhaisnéis a malartaítear a úsáid ach chun críocha mhír 1. I ngach Ballstát, ní fhédfar an fhaisnéis sin a thabhairt ach amháin do na húdaráis agus na cúirteanna agus na binsí a bhfuil sé de chúram orthu:

— an Ballstát is freagrach as an iarratas ar thearmann a shocrú,

— an t-iarratas ar thearmann a scrúdú,

— oibleagáid ar bith a thagann as an gCoinbhinsiún seo a chur i ngníomh.

6. Áiritheoidh an Ballstát a chuireann an fhaisnéis ar aghaidh go bhfuil sí cruinn agus suas-chun-dáta.

Má dhealraíonn sé gur sholáthraigh an Ballstát sin faisnéis a bhí míchruinn nó nár chóir a chur ar aghaidh, déanfar na Ballstáit a fuair í a chur ar an eolas gan mhoill. Dlitear díobh an fhaisnéis sin a cheartú nó a scriosadh.

7. Beidh sé de cheart ag iarratasóir ar thearmann an fhaisnéis a malartaíodh ina leith a fháil, ar iarratas uaidh, a fhad is a bheidh sí ar fáil.

Má shuíonn sé go bhfuil an fhaisnéis sin míchruinn nó nár chóir í a chur ar aghaidh, beidh sé de cheart aige go ndéanfaí í a chéartú nó a scriosadh. Déanfar an ceart sin a fheidhmiú de réir na gcoinníollacha dá bhforáiltear i mír 6.

8. I ngach Ballstát lena mbainean déanfar cur ar aghaidh agus fáil na faisnéise malartaithe a thaifeadadh.

9. Coimeádfar faisnéis dá samhail go ceann tréimhse nach faide ná an tréimhse is gá chun na n-aidhmeanna lenar malartaíodh í. Déanfaidh an Ballstát lena mbaineann an gá chun í a choimeád a scrúdú ag an tráth iomchuí.

10. Ar aon nós, beidh ag an bhfaisnéis a chuirfear i bhfios amhlaidh an chosaint chéanna a thugtar d'fhaisnéis dá samhail sa Bhallstát a fhaigheann í.

11. Mura bpróiseáilfear na sonraí go huathoibríoch ach ar mhodh éigin eile, ní foláir do gach Ballstát bearta iomchuí a ghlacadh chun a áirithiú go gcomhlíonfar an tAirteagal seo trí rialú éifeachtach. Má tá comhlacht faireacháin den chinéal dá dtagraítear i mír 12 ag Ballstát, féadfaidh sé an rialú sin a chur de chúram ar an gcomhlacht sin.

12. Más mian le Ballstát amháin nó níos mó an fhaisnéis uile dá dtagraítear i míreanna 2 agus 3, nó cuid di, a ríomhairiú, ní fhédfar sin mura rud é go bhfuil dlíthe is infheidhme ar phróiseáil dá samhail, a chuireann i ngníomh prionsabail Choinbhinsiún Strasbourg an 28 Eanáir 1981 um Chosaint Daoine Aonair maidir le hUathphróiseáil Sonraí Pearsanta, glactha ag na tíortha sin agus faireachán neamhspleách phróiseáil agus úsáid na sonraí a chuirfear ar aghaidh de bhun an Choinbhinsiúin seo curtha de chúram ar chomhlacht náisiúnta imchuí acu.

Airteagal 16

1. Feadfaidh Ballstát ar bith tograí chun an Coinbhinsiún seo a athbhreithniú, a bhfuil sé mar aidhm acu deireadh a chur leis na deacrachtaí a thig as a fheidhmiú, a chur faoi bhráid an Choiste dá dtagraítear in Airteagal 18.

2. Más gá an Coinbhinsiún seo a athbhreithniu nó a leasú de bhun ghnóthú na gcuspóirí atá leagtha síos in Airteagal 8a den Chonradh ag bunú Chomhphobal Eacnamaíochta na hEorpa, agus nasc ach go háirithe idir an gnóthú sin agus beartas comhchuibhithe tearmainn agus comhbheartas víosaí a bhunú, déanfaidh an Ballstát a mbeidh Uachtaránacht Chomhairle na gComhphobal Eorpach de chúram air cruinniú an Choiste dá dtagraítear in Airteagal 18 a eagrú.

3. Déanfaidh an Coiste dá dtagraítear in Airteagal 18 aon athbhreithnithe nó aon leasuithe ar an gCoinbhinsiún seo a ghlacadh. Tiocfaidh siad i bhfeidhm de réir fhorálacha Airteagal 22.

Airteagal 17

1. Má tharlaíonn mórdheacrachtaí do Bhallstát de bharr athrú substainteach ach sna dálaí a bhí ann agus an Coinbhinsiún seo á chur i gcrích, féadfaidh an Ballstát sin an cheist a chur faoi bhráid an Choiste dá dtagraítear in Airteagal 18 chun go bhfeadfaidh an Coiste sin bearta a mholadh do na Ballstáit chun déileáil leis an gcor sin nó chun aon athbhreithniú nó leasú is gá ar an gCoinbhinsiún a ghlacadh; tiocfaidh aon athbhreithniu nó leasú mar sin i bhfeidhm mar a fhoráiltear in Airteagal 16 (3).

2. Má leanann na dálaí dá dtagraítear i mír 1 tar éis tréimhse sé mhí, féadfaidh an Coiste, ag gníomhú de réir Airteagal 18 (2), a údarú don Bhallstát a mbaineann an t-athrú sin dó feidhmiú fhorálacha an Choinbhinsiúin seo a chur ar fionrai go sealadach, ach gan an fhionraí sin gnóthú na gcuspóirí dá dtagraítear in Airteagal 8a den Chonradh ag bunú Chomhphobal Eacnamaíochta na hEorpa a bhacadh ná oibleagáidí idirnáisiúnta eile na mBallstát a shárú.

3. I rith thréimhse na fionraí dá dtagraítear i mír 2, leanfaidh an Coiste, mura mbeidh sé tagtha ar chomhaontú cheana, dá chaibidlí chun forálacha an Choinbhinsiúin seo a athbhreithniú.

Airteagal 18

1. Bunófar Coiste ar a mbeidh ionadaí amháin do Rialtas gach Ballstáit.

Is é an Ballstát a mbeidh Uachtaránacht Chomhairle na gComhphobal Eorpach de chúram air a bheidh freagrach as Cathaoirleacht an Choiste.

Féadfaidh Coimisiún na gComhphobal Eorpach páirt a ghlacadh i bpléití an Choiste agus na meithleacha oibre dá dtagraítear i mír 4.

2. Scrúdóidh an Coiste, ar iarratas ó Bhallstát amháin nó níos mó, ceist ar bith de chineál ginearálta a bhaineann le feidhmiú nó léiriú an Choinbhinsiúin seo.

Socróidh an Coiste na bearta dá dtagraítear in Airteagail 11 (6) agus 13 (2) agus tabharfaidh sé an t-údarú dá dtagraítear in Airteagal 17 (2).

Glacfaidh an Coiste cinnti ag athbhreithniú nó ag leasú an Choinbhinsiúin de bhun Airteagail 16 agus 17.

3. Glacfaidh an Coiste a chinntí d'aon toil, ach amháin nuair a bhíonn sé ag gníomhú de bhun Airteagal 17 (2); sa chás sin glacfaidh sé a chinntí le tromlach dhá thrian de vótaí a chomhaltaí.

4. Glacfaidh an Coiste a rialacha nós imeachta agus féadfaidh sé meithleacha oibre a bhunú.

Is é Ardrúnaíocht Chomhairle na gComhphobal Eorpach a sholáthróidh rúnaíocht an Choiste agus na meithleacha oibre.

Airteagal 19

Maidir le Ríocht na Danmhairge, ní bheidh forálacha an Choinbhinsiúin seo infheidhme i leith Oileáin Fharó ná na Graonlainne mura ndéanfaidh Ríocht na Danmhairge dearbhú dá mhalairt. Féadfar dearbhú dá shamhail a dhéanamh tráth ar bith trí fhógra a chur chuig Rialtas na hÉireann; cuirfidh an Rialtas sin Rialtais na mBallstát eile ar an eolas faoi.

Maidir le Poblacht na Fraince, ní bheidh forálacha an Choinbhinsiúin seo infheidhme ach ar chríoch Eorpach Phoblacht na Fraince amháin.

Maidir le Ríocht na hÍsiltíre, ní bheidh forálacha an Choinbhinsiúin seo infheidhme ach ar chríoch Ríocht na hÍsiltíre san Eoraip amháin.

Maidir leis an Ríocht Aontaithe, ní bheidh forálacha an Choinbhinsiúin seo infheidhme ach ar Ríocht Aontaithe na Breataine Móire agus Thuaisceart Éireann. Ní bheidh siad infheidhme ar na críocha Eorpacha a bhfuil an Ríocht Aontaithe freagrach as a gcaidreamh eachtrach mura ndéanann an Ríocht Aontaithe dearbhú dá mhalairt. Féadfar dearbhú dá shamhail a dhéanamh tráth ar bith trí fhógra a sheoladh chuig Rialtas na hÉireann a chuirfidh Rialtais na mBallstát eile ar an eolas faoi.

Airteagal 20

Ní bheidh an Choinbhinsiún seo faoi réir aon fhorchoimeádais.

Airteagal 21

1. Beidh an Coinbhinsiún seo ar oscailt d'aontachas aon Stáit a thiocfaidh chun bheith ina bhall de na Comhphobail Eorpacha. Déanfar na hionstraimí aontachais a thaisceadh le Rialtas na hÉireann.

2. Tiocfaidh sé i bhfeidhm i leith aon Stáit a aontaíonn dó ar an gcéad lá den tríú mí tar éis a ionstraim aontachais a thaisceadh.

Airteagal 22

1. Beidh an Coinbhinsiún seo faoi réir a dhaingnithe, a ghlactha nó a fhormheasta. Déanfar na hionstraimí daingniúcháin, glactha nó formheasta a thaisceadh le Rialtas na hÉireann.

2. Tabharfaidh Rialtas na hÉireann fógra do Rialtais na mBallstát eile i dtaobh thaisceadh na n-ionstraimí daingniúcháin, glactha nó formheasta.

3. Tiocfaidh an Coinbhinsiún seo i bhfeidhm ar an gcéad lá den triú mí tar éis thaisceadh na hionstraime daingniúcháin, glactha nó formheasta ag an Stát sínitheach is déanaí a dhéanfaidh an beart sin.

Tabharfaidh an Stát a ndéanfar na hionstraimí daingniúcháin, glactha nó formheasta a thaisceadh leis fógra do na Ballstáit faoi dháta an Choinbhinsiúin seo a theacht i bhfeidhm.

En fe de lo cual, los plenipotenciarios abajo firmantes suscriben el presente Convenio.

Til bekræftelse heraf har undertegnede befuldmægtigede underskrevet denne konvention.

Zu Urkund dessen haben die unterzeichneten Bevollmächtigten ihre Unterschriften unter dieses Übereinkommen gesetzt.

Σε πίστωση των ανωτέρω, οι κάτωθι πληρεξούσιοι υπέγραψαν την παρούσα σύμβαση.

In witness whereof, the undersigned plenipotentiaries have hereunto set their hands.

En foi de quoi, les plénipotentiaires soussignés ont apposé leurs signatures au bas de la présente convention.

Dá fhianú sin, chuir na Lánchumhachtaigh thíos-sínithe a lámh leis an gCoinbhinsiún seo.

In fede di che, i plenipotenziari sottoscritti hanno apposto le loro firme in calce alla presente convenzione.

Ten blijke waarvan de ondergetekende gevolmachtigden deze overeenkomst hebben ondertekend.

Em fé do que os plenipotenciários abaixo assinados apuseram as suas assinaturas no final da presente convenção.

Hecho en Dublín el quince de junio de mil novecientos noventa, en un ejemplar único, en lenguas alemana, inglesa, danesa, española, francesa, griega, irlandesa, italiana, neerlandesa y portuguesa, dando fe asimismo los textos redactados en cada una de dichas lenguas depositados en los archivos del Gobierno de Irlanda que transmitirá una copia certificada conforme a cada uno de los Estados miembros.

Udfærdiget i Dublin, den femtende juni nitten hundrede og halvfems i ét eksemplar på dansk, engelsk, fransk, græsk, irsk, italiensk, nederlandsk, portugisisk, spansk og tysk, hvilke tekster har samme gyldighed og deponeres i arkiverne hos Irlands regering, som sender en bekræftet kopi til hver af de andre medlemsstater.

Geschehen zu Dublin am fünfzehnten Juni neunzehnhundertneunzig, in einer Urschrift in dänischer, deutscher, englischer, französischer, griechischer, irischer, italienischer, niederländischer, portugiesischer und spanischer Sprache, wobei jeder Wortlaut gleichermaßen verbindlich ist; sie wird im Archiv der Regierung von Irland hinterlegt, die den übrigen Mitgliedstaaten jeweils eine beglaubigte Abschrift übermittelt.

Έγινε στο Δουβλίνο στις δέκαπέντε Ιουνίου χίλια εννιακόσια ενενήντα, σε ένα μόνο αντίτυπο στην αγγλική, γαλλική, γερμανική, δανική, ελληνική, ιρλανδική, ισπανική, ιταλική, ολλανδική και πορτογαλική γλώσσα. Τα κείμενα στις γλώσσες αυτές είναι εξίσου αυθεντικά και είναι κατατεθειμένα στα αρχεία της κυβέρνησης της Ιρλανδίας η οποία θα διαβιβάσει επικυρωμένο αντίγραφο σε κάθε κράτος μέλος.

Done at Dublin this fifteenth day of June in the year one thousand nine hundred and ninety, in a single original, in the Danish, Dutch, English, French, German, Greek, Irish, Italian, Portuguese and Spanish languages, the texts drawn up in each of these languages being equally authentic and being deposited in the archives of the Government of Ireland which shall transmit a certified copy to each of the other Member States.

Fait à Dublin, le quinze juin mil neuf cent quatre-vingt-dix, en un exemplaire unique, en langues allemande, anglaise, danoise, espagnole, française, grecque, irlandaise, italienne, néerlandaise et portugaise, les textes établis dans chacune de ces langues faisant également foi et étant déposés dans les archives du gouvernement d'Irlande qui transmettra une copie certifiée conforme à chacun des autres États membres.

Arna dhéanamh i mBaile Átha Cliath ar an gcúigiú lá déag de Mheitheamh sa bhliain míle naoi gcéad nócha, i scríbhinn bhunaidh amháin sa Bhéarla, sa Danmhairgis, sa Fhraincis, sa Ghaeilge, sa Ghearmáinis, sa Ghréigis, san Iodáilis, san Ollainnis, sa Phortaingéilis agus sa Spáinnis agus comhúdarás ag na téacsanna i ngach ceann de na teangacha sin; déanfar iad a thaisceadh i gcartlann Rialtas na hÉireann agus cuirfidh an Rialtas sin cóip dheimhnithe chuig gach ceann de na Ballstáit eile.

Fatto a Dublino, addì quindici giugno millenovecentonovanta, in esemplare unico, nelle lingue danese, francese, greca, inglese, irlandese, italiana, olandese, portoghese, spagnola e tedesca, il cui testo in ciascuna di queste lingue fa ugualmente fede ed è depositato negli archivi del governo d'Irlanda che provvederà a rimetterne copia certificata conforme a ciascuno degli altri Stati membri.

Gedaan te Dublin, de vijftiende juni negentienhonderd negentig, in één exemplaar in de Deense, de Duitse, de Engelse, de Spaanse, de Franse, de Griekse, de Ierse, de Italiaanse, de Nederlandse en de Portugese taal, zijnde de teksten in elk van deze talen gelijkelijk authentiek en nedergelegd in het archief van de regering van Ierland, die een voor eensluidend gewaarmerkt afschrift daarvan toezendt aan alle overige lidstaten.

Feito em Dublim, em quinze de Junho de mil novecentos e noventa, num único exemplar, nas línguas alemã, dinamarquesa, espanhola, francesa, grega, inglesa, irlandesa, italiana, neerlandesa e portuguesa, fazendo fé qualquer dos textos, que serão depositados nos arquivos do Governo da Irlanda, que enviará uma cópia autenticada a cada um dos outros Estados-membros.

Pour Sa Majesté le Roi des Belges
Voor Zijne Majesteit de Koning der Belgen

For Hendes Majestæt Danmarks Dronning

Für den Präsidenten der Bundesrepublik Deutschland

Για τον Πρόεδρο της Ελληνικής Δημοκρατίας

Por Su Majestad el Rey de España



Pour le Président de la République française



Thar ceann Uachtarán na hÉireann
For the President of Ireland



Per il presidente della Repubblica italiana



Pour Son Altesse Royale le Grand-Duc de Luxembourg



Voor Hare Majesteit de Koningin der Nederlanden

Pelo Presidente da República Portuguesa



For Her Majesty the Queen of the United Kingdom of Great Britain and Northern Ireland